

❁ An Lúibín ❁

11 Márta 2013

Iarsmaí (2)

Sa bhliain 1820 baisteadh páiste áirithe i séipéal Chill Náile i mbarúntacht Shliabh Ardach in oirthear Cho. Thiobraid Árann. Duine de mhuintir Cheallaigh ba ea é: Seán Rua, athair Ned Kelly. Bhain 'Red' Kelly an Astráil amach ina dhaoránach sa bhliain 1841. Sa bhliain 1851 thaispeáin an daonáireamh go raibh 6,778 duine (25.4% den phobal) ina gcainteoirí Gaeilge i Sliabh Ardach; bheadh an figiúr ceart níos airde, agus b'airde fós é nuair a rugadh Seán Rua, go háirithe ina aicme féin – aicme na sclábhaithe, na scológ agus na gcaillíní aimsire. Tá léargas le fáil ar chultúr coiteann na háite sna hamhráin agus sa bhéaloideas a bailíodh tamall ina dhiaidh sin: cultúr a thug idir dhaoránaigh agus imircigh leo go dtí an Astráil.

Tá roinnt den ábhar sin le fáil i n*Duanaire Thiobraid Árann*, leabhar le Dáithí Ó hÓgáin.¹ Ba iad an bheirt a bhailigh é Seán Ó Doinn (1815-1892) ó Gharraí Ricín i gCo. Chill Chainnigh agus Séamas Ó Braonáin ó Bhaile Cuillinn i gCo. Thiobraid Árann. John George Augustus Prim (1821-1875), ársaitheoir, a chuir iad i mbun bailiúcháin dó. Bhí an Donnach i mbun oibre idir na blianta 1864 agus 1870 agus an Braonánach idir na blianta 1864 agus 1865. Mar a deir an tÓgánach:

Chun léargas a fháil ar an timpeallacht teanga le linn na hoibre sin, ní foláir scrúdú a dhéanamh ar na figiúirí a bhaineann leis na trí barúntachtaí atá i gceist – Sliabh Ardach, an Trian Meánach, agus Uí Fathadh agus Uí Fothadh Thoir. Nuair a chuirtear na figiúirí le chéile do na trí barúntachtaí mar aonad, faightear céatadán thart faoi 27% den phobal a bheith ábalta ar Ghaeilge a labhairt sa bhliain 1851, agus thart faoi 10% sa bhliain 1891. Fágann seo ar fad go raibh isteach is amach leis an gceathrú cuid de phobal na dtrí barúntachtaí ina gcainteoirí Gaeilge le linn don Bhraonánach agus don Donnach a bheith i mbun saothair. Bhí daichead míle éigin Gaeilgeoir laistigh de raon fiche míle uathu ar gach taobh. Ach léiríonn na deacrachtaí a bhraith siad agus iad ag iarraidh teacht ar théacsanna na ndánta agus na n-amhrán go raibh saothrú an chultúir sa teanga ar an dé deiridh ag an am. Is cinnte gur shaibhre agus gur thairbhí go mór toradh a gcuid oibre dá mbeidís ina bun leathchhead bliain níos luaithe.²

Sa bhliain 1851 bhí an Ghaeilge measartha láidir fós in Uí Fathadh agus Uí Fothadh Thiar, an bharúntacht ab fhaide ó dheas: 21,583 cainteoir Gaeilge a bhí ann (68.8%) – fomheastachán eile, gan amhras. Na hamhráin a bailíodh sna barúntachtaí eile, bheidís le fáil anseo freisin agus iad á rá fós ag cuid de na daoine a chuaigh go dtí an Astráil, fiú sa dara leath den 19ú haois.

Thá Maigh Cholpa go brothallach, agus cosaint air ó chuanta,
Fascadh ón ngaoith aduaidh agus taitneamh mór ón ngréin,
Thá caisleán láidir daingean ann, agus bláth ó chrannaibh úlla ann,
Muileann ag meilt plúir ann, agus sruth in imeall sléibhe...³

Ní hí áilleacht na háite dúchais amháin a bhíodh á moladh ach áilleacht na mban chomh maith. Féach 'Réiltheann an Tobair,' amhrán grá a cumadh, is dócha, i lár an 18ú haois do chailín darbh ainm Sarah Prittie. Bhí a muintir ina gcónaí sa Choill Bhuí i bparóiste Bhaile Ghrae i mbarúntacht Shliabh Ardach.

¹ Ó hÓgáin, Dáithí. *Duanaire Thiobraid Árann : Cnuasach d'fhilíocht na ndaoine ó oirdheisceart an chontae*. An Clóchomhar Tta 1981.

² Ibid., lch 12.

³ Ibid., lch 46.

Ar bhruach na toinne is ea a ligeas an fáinne amú,
Agus mé im' shúil leis an ainnir ba ghile agus ab áille snó;
Bhí a grua mar an luisne, agus a gile mar bhláth na n-úll -
Do bhreogh sí siúd mise, agus ní ligeann sí an tsláinte chugham...⁴

Ní thagann daoine slán ón stair, agus d'fhág Bliain na bhFrancach, 1798, a rian ar na filí, mar is léir ó na véarsaí thíos – ceann den dá amhrán a cumadh faoin mbriseadh a d'fhulaing na Gaeil ag Sliabh na mBan.

Ar Shliabh na mBan an lá úd, mo chráiteacht, ba dhubhach ár scéal –
Ins na carraigí dá gcarnadh is a lán againn ag luí insa bhfraoch;
Ins na carraigí dá gcarnadh is a lán againn ag luí insa bhfraoch;
Is níor stadamair den stáir úd go dtáineamair go Coill an tSléibhe...⁵

Tá fíoch agus fearg le brath sa dán a leanas – ceann a bhaineann le bású an Athar Nioclás Ó Síthigh, a crochadh san éagóir i gCluain Meala sa bhliain 1776. Ba striapach Máire Ní Dhuinnshléibhe agus í ar dhuine díobh siúd a thug fianaise bhréige i gcoinne an tsagairt, agus dúirt an béaloideas (mar a deir sé gcónaí ina leithéid de chás) gur rug droch-chríoch uirthi. Níl teacht again ar a taobh féin den scéal; níl againn ach an géarcháineadh a rinneadh uirthi.

A Mháire Ní Dhuinnshléibhe, go n-imrí Dia ort!
Bascadh ón Phápa agus ár ó Chríost ort!
Flaitheas na ngrást go bráth ort díolta –
Striapach choiteann a chlog ar na mílte –
Is go scríobha an diabhal 'mittimus' go hifreann síos leat!...⁶

Oidhreacht an-áitiúil an méid seo go léir agus mhairfeadh sí fós in intinn an dreama a chuir fúthu i ndeisceart an domhain. B'fhéidir go n-eascródh oidhreacht eile uaithi theas ach deis a bheith ann chuige. Tá éagsúlacht mhór ag baint léi – níl sna hamhráin a luadh thuas ach léiriú cúng ar a bhfuil ann. Ní féidir feasta stair na n-inimirceach sin a scríobh gan focal úd na sinsear a bheith fite fuaite inti, rud a thabharfadh orainn athmhachnamh a dhéanamh ar an saol rúnda a mhair sa tír nua.



Litriocht na hÉireann i Rúisis

Tionscadal nua – saothair Éireannacha i mBéarla agus i nGaeilge a aistriú go Rúisis. Is í an iris atá i gceist *Ирландская литература - Litriocht na hÉireann aistrithe go Rúisis*, comhfhiontar de chuid Coláiste na Tríonóide agus Institiúid Gorky i Moscó.

Tá eagrán 1 (Earrach 2012) ar fáil ar líne (<http://www.irlandskayaliteratura.org/>) agus an chuid is mó de aistrithe ó Bhéarla. Tá meirg ar ár gcuid Rúisise féin ach níl sí chomh dona sin nár fhéadamar blas a fháil ar na haistriúcháin. Tá an sárscríbhneoir Anne Enright ann, Colum McCann, Bram Stoker agus Parick Kavanagh, Paul Durcan, Philip McDonagh agus a lán eile. Níl ach triúr scríbhneoirí Gaeilge ann – na filí Aifric MacAodha, Máirtín Ó Direáin agus Catriona Ní Chléirchín – agus ba mhaith an rud é níos mó de phrós na Gaeilge a fheiceáil ann.

Is amhlaidh go bhfuil baint leis an iris ag Victor Bayda, teangeolaí Rúiseach a mheasann gur teanga iontach í an Ghaeilge. Tá píosa leis le fáil in *An Ghaeilge i gCéin*, bailiúchán aistí faoi úsáid na teanga i Nua-Eabhrac, i gCeanada, sa Bhrasáil, sa Rúis agus in áiteanna eile.⁷ (Dealraíonn sé go raibh an Astrail fágtha ar lár.) Thosaigh sé ag foghlaim Gaeilge in Ollscoil Stáit Mhoscó (tháinig suim aige inti nuair nach raibh sé ach trí bliana déag) agus

⁴ Ibid., lch 35.

⁵ Ibid., lch 63.

⁶ Ibid., lch 58.

⁷ *An Ghaeilge i gCéin: Pobal agus Féiniúlacht Idirnáisiúnta*. Leabhair Comhar 2011.

is dóigh leis gur fimínteacht atá ag baint le dearcadh na nÉireannach i leith na teanga – casaoid a rinne mórán roimhe. Tá agallamh le Bayda i nGaeilge ar <http://www.youtube.com/watch?v=Y9uptaUABFw>.



Suíomh ag teastáil

Níl suíomh Idirlín Gaeilge ag Parlaimint na hEorpa fós, rud atá ag dó na geirbe ag roinnt polaiteoirí agus feidhmeannach. Tá gearán déanta acu ar an scéal leis an ombudsman Eorpach agus tá tuarascáil le déanamh aige siúd.

Rinneadh an dóú teanga oifigiúil is fiche den Ghaeilge san Aontas Eorpach sa bhliain 2007 agus tá brabach á bhaint aisti riamh ó shin. Tá dhá chéad mac léinn ag déanamh staidéir ar Ghaeilge i Má Nuad agus 380 in Ollscoil na Gaillimhe, méadú mór ar an líon a bhí ann deich mbliana ó shin, cé gurb é a locht a laghad le hais an lín a d'fhéadfadh a bheith ann dá múinfi an teanga le héifeacht sna scoileanna. Ach sin scéal eile. Tá postanna ann: ateangaireacht agus aistriú téacsanna agus reachtaíochta ar son an Aontais, go háirithe sa Bhruiséil, i Lucsamburg agus i Strasburg. Faoi láthair tá caoga aistritheoir ann, agus táthar ag súil le hocht nduine is tríocha eile a thabhairt isteach.

Baineann gach foras de chuid an Aontais feidhm as roinnt éigin Gaeilge. Tá os cionn 50,000 téarma nua cumtha ag Téarmaíocht Idirghníomhach don Eoraip (bunachar téarmaíochta an AE) agus ag Fiontar (tionscadal de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Cliath). Deirtear go ndéantar suas le 900,000 cuardach gach mí.

I dtaca le holc, ba dheacair suíomh a cheilt ar an nGaeilge feasta. Cuimhnímis, dála an scéil, gur de bharr cinneadh polaitiúil atá stádas éigin ag an nGaeilge san AE; níor tháinig sí ann d'aon riachtanas sóisialta. Cuid de thionscadal cultúrtha agus idé-eolaíoch is ea é – agus soláthraíonn sé postanna do na firéin.



Dídean

I Mí na Feabhra cailleadh 98 dídeanaí ar bhád a bhí ag iarraidh an Astráil a bhaint amach. Chlis an t-inneall, rud a d'fhág ag imeacht le sruth iad ar feadh dhá mhí agus easpa lóin orthu; b'éigean na mairbh a chaitheamh thar bord. Muslamaigh ó Bhurma a bhí i gceist – dream a dtugtar Rohingya orthu agus a bhfuil spídiúlacht á déanamh orthu ina dtír féin. Tháinig údaráis Sri Lanka ar an mbád agus í ag dul faoi uisce, agus d'éirigh leo 32 duine a shábháil.

Ní ligtear do lucht na mbád teacht i dtír ar mhíntír na hAstráile, más féidir: is fearr leis na húdaráis iad a phróiseáil chomh fada amach ón gcósta agus is féidir. Sa bhliain 1992 a cuireadh coinneáil éigeantach ar bun tar éis gur thosaigh dídeanaithe ag teacht ó Vítneam agus ón gCambóid. Chuir an reachtaíocht cosc ar athbhreithniú breithiúnach, cé gur chuir sí teorainn 273 lá leis an gcoinneáil. Tháinig rialtas nua coimeádach i réim sa bhliain 2001 faoi John Howard agus cuireadh polasaí nua i bhfeidhm – an 'Pacific Solution'. Gearradh amach cúpla oileán ó limistéar inimirceach na hAstráile agus cuireadh dídeanaithe go dtí tíortha eile sa réigiún chun go gcinntí cé acu teifigh chearta a bhí iontu nó nárbh ea. Cuireadh víosaí sealadacha cosanta ar fáil dóibh agus rinneadh iarracht ar theacht roimh pé báid eile a bheadh ag seoladh aduaidh. Ritheadh reachtaíocht (le tacaíocht an Fhreasúra) a cheadaigh tréimhse neamhchinntithe de choinneáil.

Sa bhliain 2007 tháinig rialtas nua de chuid Pháirtí an Lucht Oibre i réim agus d'fhógair go bhfaighfí réidh le próiseáil 'easchósta'. Faoi thús na bliana 2012 tháinig méadú billiún dollar ar an gcostas a bhain le próiseáil na ndídeanaithe úd; d'iarr an rialtas breis airgid ar an bParlaimint ach lean na báid orthu ag teacht. Bhí daoine á mbá i gcónaí agus cheap an rialtas painéal eolaithe chun an scéal a réiteach.

Rinne an painéal dhá mholadh is fiche agus dúirt an rialtas go nglacfadh sé le gach ceann acu. Chuirfí próiseáil easchósta ar bun arís ar Oileán Nárú agus ar Oileán Manus (i Nua-Ghuine Phapua), áiteanna ar féidir dídeanaithe a choinneáil ar feadh tréimhse fhada de bhlianta. Dhéanfaí 6,000 duine breise a chur lena ligtear isteach ar chúiseanna daonchairdiúla, sin 20,000 duine san iomláine.

Tagann na mílte fós, áfach, ar na báid. Tá an oiread sin daoine á gcoinneáil anois ar na hoileáin go bhfuil dídeanaithe á bpróiseáil ar an míntír agus iad á ligean amach ar víosaí idirthréimhse. Tá an rialtas ag áitiú ar an Malaeise ligean don Astráil dídeanaithe a phróiseáil ann.

Tá dlúthbhaint ag an scéal seo le cúrsaí polaitíochta agus sóisialta an réigiúin, agus cuid de sin is ea droch-chás na Rohingya. Ag *Médicins sans frontières* (MSF) is fearr a fhios cén chuma atá ar an scéal agus iad ag iarraidh muintir Bhurma a chóireáil, go háirithe i stát na Raicíneach (Rakhine). Is iomaí grúpa eitneach ann sa réigiún bocht sin: tá MSF ag obair ann le beagnach fiche bliain (cheal dochtúirí eile), ag cur cóir leighis ar dhaoine a bhfuil maláire, VEID/SEIFD nó eitinn orthu agus ag tabhairt cúram sláinte don phobal i gcoitinne agus do mháithreacha.

Is fada cuid de na Raicínigh agus de na Muslamaigh go holc dá chéile, agus thosaigh achran nua i stát na Raicíneach ocht mí ó shin. Cuireadh an ruaig ar 75,000 duine i Mí an Mheithimh anuraidh; cuireadh a dtithe trí thine go minic agus maraíodh roinnt acu; theith timpeall 40,000 duine i Mí Dheireadh Fómhair. Idir Raicínigh agus Mhuslamaigh atá i gceist, ach is Muslamaigh a bhformhór mór; tá na campaí plódaithe anois agus is deacair don dream a d'fhan sa bhaile teacht ar chúram sláinte. Bhain cuid teifeach Bangla Deis amach, áit a raibh 300,000 teifeach cheana agus iad ag maireachtáil ar an anás; thug daoine eile a n-aghaidh ar an Téalainn agus ar an Malaeise ag iarraidh an foréigean a sheachaint.

Ní mór a chuimhneamh go bhfuil an rialtas féin ag déanamh leatrom ar na Rohingya. Sa bhliain 1982 baineadh saoránacht díobh; ní féidir leo taisteal gan chead, ní cheadaítear dóibh a bheith ina n-úinéirí talún agus ní foláir do lánúnacha gabháil orthu gan breis is beirt pháistí a bheith acu. Tá cuid de na Raicínigh ag treisiú leis an leatrom seo trí bhagairt a dhéanamh ar MSF féin agus is deacair lucht leighis a earcú dá bharr. Mar sin féin, tá MSF ag obair i gcúig cinn déag de na campaí is mó (níl d'acmhainní acu dul ag obair sna campaí beaga) gan chabhair ón rialtas. Tá clinicí taistil acu agus is iad na galracha is mó atá ann tinneas craicinn, péistí coirp, buinneach agus ionfhabhtuithe anála. Ní bhíonn dídean cheart ann agus tá plaincéid de dhíth ar na daoine. Is minic páistí ann agus gan a ndóthain le n-ithe acu. Bhí an bhuinteas go dona ar 40% de na páistí faoi bhun cúig bliana d'aois a tháinig faoi chúram MSF le déanaí. Tá uisce glan ar fáil ach tá eagla ar dhaoine dul amach faoina choinne. Is deacair othair a thabhairt go dtí ospidéal de bharr an doichill atá rompu amuigh.

Páirtí Leas na Raicíneach (Rakhine Nationalities Development Party - RNDP) is mó atá ag cothú iaróige. Dream saolta iad más fíor dóibh féin, ach tá caidreamh acu ar an gcuid úd de na manaigh Bhúdacha a bhfuil gráin acu ar na Rohingya. Baineann siad feidhm as Facebook, paimfléid agus litreacha chun a fhógairt go bhfuil claonbhá ag MSF i leith na Rohingya – rud nach bhfuil ag cur leis an bhfianaise. Tá cóireáil déanta ag MSF in aghaidh maláire ar os cionn milliún duine ó gach dream eitneach ón mbliain 2005 i leith, agus níl sa mhéid sin ach sampla amháin.

Tá díomá ar a lán toisc gur theip ar Aung San Suu Kyi, an gníomhaí cearta daonna is mó clú sa tír, dada a rá faoin achran ach amháin go raibh an dá thaobh ciontach as an bhforéigean. Táthar á chur le fios gur ar chúiseanna polaitiúla atá sí ag seachaint na conspóide.

Idir an dá linn leanann na báid orthu ag teacht. Tá praiseach déanta den choinneáil éigeantach ar na hoileáin; tá éadóchas ar dhaoine agus tá cuid acu ag iarraidh lámh a chur ina mbás féin. Ní thiocfaidh deireadh le teacht agus le himeacht na dteifeach ar fud an réigiúin ná le teacht na mbád aduaidh. Ó thaobh riaracháin de, luíonn sé le réasún gur fearr an phróiseáil a dhéanamh ar an míntír agus stad de thairbhe cam polaitiúil a bhaint as an scéal, go háirithe ó aithnítear 90% de na dídeanaithe mar fhíorthéifigh i ndeireadh na dála.

* <http://www.sbs.com.au/news/article/1722307/Factbox-A-recent-history-of-asylum-seeker-policy>

* <http://www.msf.org.au/from-the-field/field-news/field-news/article/humanitarian-emergency-continues-in-rakhine-state>

[myanmar.html?utm_source=MSF&utm_medium=email&utm_content=myanmar_rakhine&utm_campaign=newsletter](http://www.msf.org.au/from-the-field/field-news/field-news/article/humanitarian-emergency-continues-in-rakhine-state)

* <http://www.independent.co.uk/news/world/asia/homeless-and-helpless-the-rohingya-muslims-of-rakhine-state-8386822html>



Geilleagar na hÉireann

Deirtear go bhfuil na hÉireannaigh ag tarraingt ar an Astráil ina dtáinte de bharr dhrochstaid an gheilleagair sa bhaile. Tá an geilleagar go dona, gan amhras, agus beidh go ceann roinnt blianta eile, ach is fearr leis na himircigh na seanchinn scríbe – an Bhreatain agus na Stáit – ná an Astráil. Mar sin féin, is fiú machnamh a dhéanamh ar laige gheilleagar na hÉireann, agus is searbh an machnamh a rinne tráchttaire amháin, Michael Hennigan: ‘Irish Economy: Economic fairytales of Ireland, exports, FDI and the IMF,’ 3 Feabhra 2013 (http://www.finfacts.ie/irishfinancenews/article_1025535.shtml).

Anois agus arís deir polaiteoirí agus eile go bhfuil borradh éigin le haithint ar chúrsaí gnó in Éirinn – iarsma éigin den seanrath. Áitíonn Hennigan go bhfuil seachrán ar an té a déarfadh a leithéid.

Comhlachtaí iasachta (Google, Microsoft agus Facebook go hairithe) atá freagrach as timpeall 90% d’easportálacha earraí agus seirbhísí na hÉireann. Deir Hennigan gurb é is tábhachtaí leis na comhlachtaí sin cánaí ísle agus seachaint na gcánach. Le comhlachtaí atá seanbhunaithe in Éirinn a bhaineann an chuid is mó den infheistíocht dhíreach eachtrach (IDE) a rinneadh le beagán blianta anuas (níl an oiread sin tionscadal nua ann). Tá ‘tuilleamh athinfheistithe’ ann mar chuid den IDE – airgead a dtuilltear taobh amuigh de Mheiriceá mar dhea agus gan ann ach seift chun cáin a sheachaint.⁸ I ndáiríre, tá an chuid is mó den airgead sin i dtaisce i Meiriceá féin. Cleas cuntasóireachta atá ann, mar sin: infheistíocht bhréige.

An scéal céanna atá ann maidir le fíorluach na n-easportálacha, dar le Hennigan. Tháinig méadú mór, más fíor, ar tháirgeadh na ndrugaí in Éirinn; tionscal mór é seo, in éineacht le déantús gairis leighis, agus comhlachtaí Meiriceánacha is mó atá i mbun an ghnó. Más ea, is beag méadú a tháinig ar an líon oibríthe sna tionscadail seo. An t-ioncam a thuilleann comhlachtaí ilnáisiúnta i dtíortha eile déanann siad é a aistriú go dtí Éire chun cáin a sheachaint, rud a chuireann na figiúirí as a riocht: easportálacha bréige.

Mar léiriú air sin, bhí 75,000 duine gan obair sa bhliain 2000 agus 325,000 gan obair sa bhliain 2012. Deir Hennigan go bhfuil an chuid is mó de na postanna (78%) le fáil i gcónaí sa rannóg neamheasportálach – óstáin, siopaí, seirbhísí riaracháin agus gnó, iompar agus stóráil. Orthu sin ba cheart don rialtas aird a dhíriú agus pleananna fostaíochta á mbeartú.⁹

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

⁸ Cáin ar aisdúichíú brabúis atá i gceist anseo.

⁹ Sliocht as tuarascáil de chuid an Economic and Social Research Institute (ESRI): ‘The surplus overstates the fundamental underlying situation as the data are distorted by the inflow of profits from overseas multinationals which relocated their Head Office to Ireland, but not any of their productive activities. Their worldwide profits are treated as an inflow of factor payments to Ireland but these firms pay no profit tax in Ireland as a result of double tax agreements with other countries where their productive activities are located.’

Leaganacha simplithe

Iarsmaí (2)

Sa bhliain 1820 baisteadh Seán Rua Ó Ceallaigh ('Red' Kelly), athair Ned Kelly, i mbarúntacht Shliabh Ardach i gContae Thiobraid Árann. Sa bhliain 1851 thaispeáin an daonáireamh go raibh 6,778 duine (25.4% den phobal) ina gcainteoirí Gaeilge i Sliabh Ardach; bheadh an figiúr ceart níos airde, agus bheadh sé níos airde fós nuair a rugadh Seán Rua. Sa bhliain 1851 bhí an Ghaeilge measartha láidir fós in Uí Fathadh agus Uí Fothadh Thiar, an bharúntacht ab fhaide ó dheas: 21,583 cainteoir Gaeilge a bhí ann (68.8%). I ndáiríre, bheadh an figiúr sin ró-iseal.

Chuaigh mórán daoine ón áit sin agus ó áiteanna eile i gCúige Mumhan go dtí an Astráil. Thug siad mórán amhrán agus béaloideas leo. Tá cuid de na hamhráin agus de na dánta sin le fáil i n*Duanaire Thiobraid Árann*, leabhar le Dáithí Ó hÓgáin.

Tá amhráin ar nós 'Maigh Cholpa' ann a mholann áit áirithe: 'Muileann ag meilt plúir ann, agus sruth in imeall sléibhe'. Tá amhráin ghrá ann: 'Bhí a grua mar an luisne, agus a gile mar bhláth na n-úll' ('Réiltheann an Tobair'). Tá 'Sliabh na mBan' ann, amhrán faoi éirí amach na bliana 1798: "Ar Shliabh na mBan an lá úd, mo chráiteacht, ba dhubhach ár scéal...". Agus tá dán fíochmhar ann a cháineann duine a thug fianaise bréige¹⁰ i gcoinne an Athar Nioclás Ó Síthigh, sagart a crochadh i gCluain Meala sa bhliain 1776.

Níl sa mhéid sin go léir ach léiriú beag ar an ábhar atá ann. Chun meon agus aigne na n-inimirceach ó Éirinn a thuiscint, caithfidh eolas a bheith againn ar na hamhráin, ar na dánta agus ar an mbéaloideas a thug siad leo.

Dídean

I Mí na Feabhra cailleadh ocht ndídeanaí is nócha ar aon bhád amháin a bhí ag iarraidh an Astráil a bhaint amach. Tháinig údaráis Sri Lanka ar an mbád agus í ag dul faoi uisce, agus d'éirigh leo dhá dhuine is tríocha a shábháil. Muslamaigh ó Bhurma a bhí i gceist – dream a dtugtar na Rohingya orthu. Tá gearleanúint á déanamh orthu ina dtír féin.

Ní maith leis an Astráil ligean do dhídeanaithe den saghas sin teacht i dtír ar an muintir.¹¹ Déantar iad a phróiseáil¹² ar oileáin amach ón gcósta, más féidir. Sa bhliain 1992 a cuireadh coinneáil éigeantach¹³ ar bun tar éis gur thosaigh dídeanaithe ag teacht ó Vítneam agus ón gCambóid. Sa bhliain 2001 cuireadh polasaí nua i bhfeidhm – an 'Pacific Solution'. Gearradh amach a lán oileán ó limistéar inimirceach na hAstráile agus cuireadh dídeanaithe go dtí tíortha eile sa réigiún chun iad a phróiseáil. Sa bhliain 2007 tháinig rialtas nua i réim agus dúradh go bhfaighfí réidh le próiseáil amach ón gcósta. Ach lean na báid orthu ag teacht agus bhí daoine á mbá. Mhol painéal eolaithe go gcuirfí próiseáil 'easchósta'¹⁴ ar bun arís ar Oileán Nárú agus ar Oileán Manus (i Nua-Ghuine Phapua). Tá méadú le déanamh ar an líon daoine a ligtear isteach ar chúiseanna daonchairdiúla.¹⁵

Tagann na mílte dídeanaí fós, áfach. Tá an oiread sin daoine á gcoinneáil anois ar na hoileáin go bhfuil dídeanaithe á bpróiseáil ar an muintir.

Tá dlúthbhaint ag an scéal seo le cúrsaí polaitíochta agus sóisialta an réigiúin. Tá achrann i stát Raicíneach (Rakhine) Bhurma idir na Raicínigh féin agus na Rohingya, dream atá ina gcónaí ann le tamall maith anuas. Búdaithe is ea na Raicínigh agus Muslamaigh is ea na Rohingya. B'éigean do dhaoine ón dá thaobh dul ar a gcaomhnú sna campaí. Ar Mhuslamaigh is mó a cuireadh an ruaig.¹⁶ Tá tinneas ar mhórán acu agus tá *Médecins sans frontières* (MSF) ag iarraidh iad a chóireáil. Ach deir

¹⁰ A thug fianaise bréige – who bore false witness

¹¹ Ar an muintir – on the mainland

¹² Iad a phróiseáil – process them

¹³ Coinneáil éigeantach – compulsory detention

¹⁴ Easchósta - offshore

¹⁵ Ar chúiseanna daonchairdiúla – for humanitarian reasons

¹⁶ A cuireadh an ruaig – who were forced to flee

antoscigh¹⁷ Raicneacha go bhfuil claonbhá¹⁸ ag MSF i leith na Rohingya – rud nach bhfuil ag cur leis an bhfianaise.

Ní thiocfaidh deireadh le teacht agus le himeacht na dteifeach ar fud an réigiúin. Is dócha go leanfaidh ar na báid ag teacht. Aithnítear 90% de na dídeanaithe mar fhiortheifigh.¹⁹ Ó thaobh riaracháin de, deir a lán daoine gur fearr an phróiseáil a dhéanamh ar an míntir.

¹⁷ Antoscigh - extremists

¹⁸ Claonbhá – (favourable) bias

¹⁹ Fíortheifigh – genuine refugees